

## NÓTAÍ AR FHOCAIL

### 1. *bleachtair*, *miolcaire*

TÁ an focal *bleachtair* seanbhunaithe i nGaeilge na haoise seo sa chiall ‘detective’. Ciall nua é sin a tugadh don fhocal. In *Irisleabhar na Gaedhilge* IX (1899) 356 atá an sampla is túisce atá aimsithe agam.<sup>1</sup> Cé nach bhfuil sé in DIL, tá *bliochtaire* le fáil in Pl. sv. ‘lactarius’ (fear bainne, bliteoir). Is cosúil gur measadh gurb é príomhghnó an ‘detective’ eolas a mhealladh ó dhuine le ‘sámhbhriathra cluanacha’, is é sin an t-eolas a ‘bhleán’ uaidh le plásaíocht. Tá an bhrí mheafartha in Pl. freisin, e.g. *blighim* sv. ‘adulo’, *blidheadh* sv. ‘palpatio’. Tá an bhrí sin fós leis sa Ghaeltacht, e.g. *Bhí sé ag gabhail daoithe á blannadar agus á bliodhgan ach ní rabh maith dó a bheith léithe.*<sup>2</sup> Cf. *blite* = ‘plámásach’ agus *bliteog* = ‘súdaire’ i gCois Fharráige.<sup>3</sup>

Ag OBr. is túisce atá an bhrí mheafartha le *bleachtair*, mar seo: ‘bleachtair or bliochtaire, a wheedler, a soothing, undermining fellow who strives to steal into your confidence in order to come at secrets, and then to betray them. Metaph. from soothing a cow’s milk’.<sup>4</sup>

Seo mar atá ag OR.: ‘bleachtair, a person who milks cows; a wheedler, a soother; a person who by soft speeches, endeavours to steal into your confidence, to turn it to his own advantage. *Anglice* blather.’ Tá ‘. . . a wheedler, a false flatterer’ ag Cs., agus ‘. . . a wheedler, a flatterer, a detective’ ag ÓD1, ach ‘. . . detective (rec.)’ ag ÓD2.

Ní miste focal eile a lua ar tugadh an bhrí mheafartha chéanna dó, is é sin *miolcaire*. Tá *miolc* (.i. bainne) le fáil sa ghluais a scríobh Domhnall Ó Dubh dha Boireann sa bhliain 1569.<sup>5</sup> Bhain Pl. an-leas as an bhfocal, agus b’fhéidir gurb é a chum na focail *miolcaire*, *miolcaireacht*, *miolcam*, *miolcach*, *miolthóir*, agus thug ciall mheafartha dóibh mar leanas: *miolcaire* svv. ‘adulatorculus’, ‘assentator’, ‘gnatho’, ‘palpator’, ‘parasitus’; *miolcaireacht* svv. ‘adulatio’, ‘assentatio’, ‘blandior’, ‘palpatio’, ‘parasitatio’; *miolcam* svv. ‘adulo’, ‘assentator’, ‘blandior’, ‘palpo’; *miolcach* svv. ‘adulabilis’, ‘blandulus’, ‘illecebrose’; *miolthóir* sv. ‘illecebrator’.

<sup>1</sup> Sa scéal *Bean an Leasa* le Pádraig Ó Séaghdha. Cuireadh i gcló arís é sa leabhar *An Buaiceas* (1903) le foclóirín ina bhfuil *bleachtair*, detective (lch. 116).

<sup>2</sup> Ábhar as Teileann, Tír Chonaill, i ls. 1170, lch. 537, i Roinn an Bhéaloidis, An Coláiste Ollscoile, B.Á.C.

<sup>3</sup> FFG svv. *blite*, *bliteog*.

<sup>4</sup> Is é is dóichí gur uaidh a fuair Sh. ‘bleachtair, a soothing, undermining fellow’.

<sup>5</sup> *Arch.* ii 411, §1215.

Ghlac foclóirí eile le saothar an Phluincéadaigh, e.g. *miolcam*, 'To flatter, etc.'; *miolcaireachd*, 'A soothing or flattering' ag Ld.; *miolcam*, 'to flatter or soothe'; *miolcaireacht*, 'a soothing or flattering' OBr.; *míolcaim*, *míolcaire*, *míolcaireacht* atá ag OR., agus ag an Duinníneach (agus OR. mar fhoínse aige). Ghlac FBG le *míolcaire* 'cajoler', 'wheedler', *míolcaireacht* 'cajoling', 'wheedling'.

Cuireadh na focail seo isteach i bhfoclóirí Gàidhlig freisin, e.g. *miolcam*, 'to flatter, to soothe'; *miolcaireacht*, 'flattery, soothing' ag Sh.; *miolc*, *miolcach*, *miolcair*, *miolcaireacht* ag Dw.

## 2. bráca

Is eolas coitianta é gur ón mBéarla *brake* a tháinig *bráca*, an gléas fuirsithe. Bhí an chiall 'an instrument of torture, a rack' ag 'brake' freisin agus tá OED in amhras an é an t-aon fhocal amháin ó bhunús an dá 'brake' seo. D'fhéadfadh an t-amhras céanna a bheith ann i dtaobh cé acu bráca atá i leaganacha mar *faoi bhráca an bhróin*, . . . *an anró*,<sup>6</sup> etc.

Tá *bráca* eile ann, agus 'bothán', 'scáthlán' an chiall atá leis. Ón mBéarla 'barrack' é sa chiall 'A temporary hut or cabin; e.g. 'for use of soldiers during a siege, etc.' Fadaíodh an dara siolla, mar a d'fhadaíte go coitianta in iasachtaí, e.g. *barántas* (< A.N. 'warrants'), *bagáiste* (< A.N. 'bagage'). Tá *barráca* in Pl. svv. 'cadurcum' ('both, bothóg, cábán, paghailleún, barráca . . .'), 'casa' ('both, bothán . . . cró, cábán, teagh beag nó barráca), 'scenoma' (both, bothóg, fionnbhoth, paghailleún, cábán, barráca . . .).

Nuair a haistríodh an t-aiceann rinneadh *bráca* de *barráca*. Tá an *bráca* seo coitianta i gCúige Mumhan, agus i gConnachta.<sup>8</sup> Cé gur feini-méan eisceachtúil i gConnachta an t-aistriú aicinn seo, tá roinnt samplaí de ann, e.g. *arán* > *rán*, *biorán* > *breán*, *coróin* > *cróin*.<sup>9</sup>

Níl aon sampla den fhocal seo as Cúige Uladh agam. Dá mbeadh sé ansin, /barakə / a bheadh ann, de réir gnáthnóis na canúna.

## 3. burdún

Níl an focal *burdún* mar cheannfhocal mínithe in DIL cé go luaitear faoin gceannfhocal *búrdúnach* é, ach ní thugtar aon fhoínse leis. Ón

<sup>6</sup> Seán Ó Ruadháin 'Liosta focal as Co. Mhuigheo' (Ls. in Acadamh Ríoga na hÉireann).

<sup>7</sup> OED sv.

<sup>8</sup> 'Teachín beag ag fear an phoitín; teach buaile' ag Colm Ó Cualáin, Muinis, Carna; agus É. Mac an Fhailigh 'Liosta Focal as Iorras' sv. (Ls. in Acadamh Ríoga na hÉireann).

<sup>9</sup> ICF §479; IEM §312.

mBéarla *burdoun* a tháinig *burdún*, rud a léirigh Risk.<sup>10</sup> Níor luaigh seisean foinse leis ach oiread.

Is é Pl., a bhfuil *bordún* ann svv. ‘carmen’, ‘canticum’, an fhoinse is sine atá ar eolas agam.

#### 4. *cailpís*

Focal é *cailpís* atá sa chaint i gCúige Uladh, agus arb é is ciall dó ‘plapa treabhsair’. Tá sé ag ONL sv. ‘flap’ agus ‘(Or.[iel])’ leis, agus ag ÓD2 agus ‘flap; c. an bhríste, trouser-flap’ (Or.)’ leis. Glacadh leis sa chiall ghinearálta den Bhéarla ‘flap’ i gcáipéisí stáit<sup>11</sup> agus sa teanga scríofa ó shin. Exx. *Annsin do thóg sé clúdach follamh litreacha as a phóca agus do chuir sé an úir isteach ann, agus do ghreamaigh an chailpís.*<sup>12</sup> *Fill anseo agus cuir isteach an chailpís.*<sup>13</sup> *Flap (of pocket), cailpís, spat. Flap pocket, póca cailpíse.*<sup>14</sup>

Cé nach féidir aon sample eile den fhorás *-dp > lp*, a aimsiú, is deacair gan a cheapadh gur ón mBéarla ‘cod-piece’ an focal seo.

#### 5. *cáipéis/cáipís*

##### I

Focal aitheanta i nGaeilge choiteann an lae inniu is ea *cáipéis b.*, agus an chiall ‘document’ leis.<sup>15</sup>

‘Cáipéas . . . , *m.*, a copy; a written agreement, a deed; *al.* cáipéis (Or.)’ atá ag ÓD2. Seo na samplaí atá ag Mac Clúin:<sup>15</sup> *Bhí an bord lán de ch[áipéisí] ag an atúrnae nuair a chuadhas isteach. Nuair a bheidh mo mhac ag pósadh caithfidh me cáipéis a tharraingt. Tháinig fear ón Rialtas ar an bportach indiu agus beart c[áipéisí] fé n-a ascail aige = mapaí agus scríbhinní. ‘Cáipéas, a paper, a legal document’ atá ag Ó Cuív.<sup>17</sup>*

Tá na leaganacha *cáipéis/cáipís* i gCúige Uladh; tá sampla amháin le *-ís (cáipíseacha)* agam as Co. Mhaigh Eo. Seo iad na bríonna atá le *cáipís/cáipéis* sna ceantair sin:

(i) pionós, e.g. *Beidh cáipís throm air*, ‘he will pay a heavy penalty’.<sup>18</sup>

<sup>10</sup> ‘French Loan-words in Irish’, *Études Celt.* xii. 592.

<sup>11</sup> (a) *Caithfar séala do chur . . . ar gach cailpís den chlúdach . . . Iris an Phuist V* (1926), 220; (b) *Foclóir an Oireachtais* [clóscríbhinn] (1935) lch. 257 sv. ‘flap’.

<sup>12</sup> Mícheál Ó Griobhtha *Sa Villa Róse* (Aistriúchán) (1929).

<sup>13</sup> Ar fhoirm oifigiúil dár teideal *Clár na dTogthóirí* 1987.

<sup>14</sup> *Láimhleabhar Siopadóireachta* [c. 1943], lch. 54.

<sup>15</sup> FGB sv.

<sup>16</sup> S. Mac Clúin, *Caint an Chláir* (1940), sv. *cáipéisí*.

<sup>17</sup> IWM 134.

<sup>18</sup> Séamus Ó Grianna: ‘Liosta focal as Rann na Feirste’ (Ls. in Acadamh Ríoga na hÉireann, sv.

(ii) Milleán coire, e.g. *Ormsa a bhéas an cháipís*, 'I must bear the blame . . .'.<sup>19</sup> . . . go gcuirfinn d'fhiachaibh ar Mhéadbha Ní Thiománaidhe fiadhnaise a dheánamh a bhainfeadh an ghoimh as an cháipís.<sup>20</sup> Tá Scrope cliste, agus le cois go rabh sé ghá fhágáil féin saor ó cháipís bhí a dhá oiread pléisiúir air as na gnoithe.<sup>21</sup>

(iii) Milleán bréagach, e.g. *chuir sé cáipísecha ort*, 'bréaga, biadáin'.<sup>22</sup>

(iv) Coir, dochar, damáiste, e.g. *Bunadh Serbia a d'ughdaraigh an cháipís agus oifigigh airm Serbia a rinne an gníomh* [feallmharú].<sup>23</sup> Tá mo dhóchas daingean dian / go mbeidh an breitheamh sásta liom / mar ar Dhia ná ar dhuine ariamh / ní theárn mé cáipéis throm.<sup>24</sup> Níor choir ná cáipís duit é dhéanamh, 'it was no fault or crime in you to do it' (Ros).<sup>25</sup> Bhfuil cáipéis mhór déanta? .i. bhfuil mórán damáiste déanta?<sup>26</sup> Níor chuir siad an cháipéis sin díobhtha ariamh.<sup>27</sup>

## II

*Gan suim aco i gcáipéisibh*: 'Without interest in trappings' an Béarla atá ag Mac Erlean ar an leagan sin.<sup>28</sup> Seo mar atá ag DIL: 'cáipéis (? cf. Engl. *copies*): gan suim aco i gcáipéisibh (of soldiers), Ó Bruad. iii 152.4 'trappings', but perh. *documents, books*. See Dinn.'<sup>29</sup> Níl aon fhoinse eile leis an bhfocal ag DIL.

Ní ó 'copies' an Bhéarla a tháinig *cáipéis/cáipís*, ach ón téarma dlithiúil Béarla *capias* (< Laidin = 'féadfaidh tú (rud) a ghabháil'). 'capias, writ or process commanding the officer to take the body of the person named in it, that is to arrest him . . . the term *capias* includes writs of various kinds . . .'<sup>30</sup>

Ní raibh na Gaeilgeoirí gan eolas ar théarmaíocht an dlí a bhíodh á mbascadh. Féach mar shampla na línte seo in 'Tuireamh na hÉireann' (c. 1650):

<sup>19</sup> id.

<sup>20</sup> Seaghán Mhac Meanman, *Crathadh an Phocáin* (1955) 148.

<sup>21</sup> Níall Ó Domhnaill, *An Minister Ó Ceallaigh* (1931) 341.

<sup>22</sup> Seán Ó Ruadháin: op. cit. sv.

<sup>23</sup> Seaghán Mhac Meanman, *Ó Chamhaoir go Clapsholas* (1940) 20.

<sup>24</sup> ZCP xxxiv. 258.

<sup>25</sup> ÓD2 sv. *cáipís* (Ros) [= Liosta focal as na Rosa agus Gaoth Dobhair ó A. O'Doherty].

<sup>26</sup> Seán Mac Maoláin, *Cora Cainnte as Tír Chonaill* (1933) 46.

<sup>27</sup> id.

<sup>28</sup> DDB III 152.

<sup>29</sup> 'a copy; a written agreement, a deed' atá ag ÓD2 sv. *cáipéis*.

<sup>30</sup> OED sv.

*greenwax, capias, writ, replévin*  
bannaí, fíneáil, díotáil éigcirt.<sup>31</sup>

Mar sin is dóigh gur ‘gan aird acu ar dhlí, gan aon cheapadh acu go bhféadfaí pionós ón dlí a chur orthu’ an bhrí atá le *gan suim aco i gcáipéisibh*. Ag moladh na saighdiúirí misniúla meargánta a bhí ag creachadh rompu gan faitíos orthu roimh dhlí na Sasanach a bhí Ó Bruadair.<sup>32</sup>

### III

Maidir le cúrsaí fóneolaíochta, níl aon rialacha ar eolas agam i dtaobh focal (Béarla Laidineach) de dhéanamh *capias* a ghaelú. Ní mar a chéile an gaelú a dhéantar ó chanúint go chéile ar iasachtaí sa NuaGhaeilge iarchlasaiceach. Tá samplaí eile ann de *a* Béarla nó Anglo-Normainnise > *á*, e.g. ‘cable’ > *cábla*, ‘capon’ > *cábún*. *Cápias* atá sa lámhscríbhinn is sine de *Tuireamh na hÉireann* (Egerton 187, 1686).<sup>33</sup> Maidir leis an deireadh ‘-ias’, is é is dóichí gur /ia/ nó /iə/ a bhí á rá sa Bhéarla. Tá samplaí de mhalartaíocht idir *ia*, *é* agus *í* sa Ghaeilge, e.g. *faitias*, *faitéas*,<sup>34</sup> *faitíos*,<sup>35</sup> *Maitias*, *Maitéas*.<sup>36</sup> Maidir le malartú -*éis*/*-ís*, cf. *aibhéis*, *aibhís*;<sup>37</sup> *aisnéis*, *aisní*;<sup>38</sup> *caidéis*, *caidís*;<sup>39</sup> *buimpéis*,<sup>40</sup> *buimpís*.<sup>41</sup> Níl a fhios agam céard is cúis le caolú an -*s* deiridh, murab é anáil an deiridh choitianta -*éis* é.

Cé nach féidir rialacha dearfa a chur leis an bhforás fóneolaíochta, ní shílím go bhfuil aon amhras ann nach ó *capias* a tháinig *cáipéis/cáipís*.

<sup>31</sup> C. O’Rahilly, *Five Seventeenth-Century Political Poems* (1952), lch. 73, lte. 317-8.

<sup>32</sup> Seo í an rann:

Uim ghealMhuaidh chluinim marcshluagh an bhile  
neamhfhuath linne a mbáistéireacht  
go mbíd ar eachaibh oidhche sheaca  
sgan suim aco i gcáipéisibh  
minic maighre an chuire thaidhbhsigh  
soir uim fhaighribh cláir Éile  
ag scannradh a bhíodhbhadh am nach saoilid  
go seang síleach sárghléasta.

<sup>33</sup> C. O’Rahilly, op. cit. lch. 73, fonóta 317.

<sup>34</sup> ICF §127.

<sup>35</sup> IEM §409; IWM §397; H. Wagner, *Gaeilge Theilinn* §548 11.

<sup>36</sup> GCF §45.

<sup>37</sup> DIL sv. *aibis*.

<sup>38</sup> id. sv. *aisnéis*.

<sup>39</sup> FFG svv.

<sup>40</sup> CFBB sv. *buimpés*; S. Mac Clúin, op. cit. sv. *buimpéis*.

<sup>41</sup> Pl. sv. ‘calc[e]amen’.

6. *daorach*

Ainm cluiche ar nós ‘rounders’ is ea *daora* i gCois Fharráige. Clocha a bhíonn de ghnáth mar chomharthaí sprice sa chluiche. *Daora bualadh, daora reatha(ch), daora teacht abhaile*<sup>42</sup> ainmneacha na gcloch sin.

Tá *daorach* mar aistriú ar ‘meta’ agus ar ‘scopus’ in Pl. Ar na bríonna atá le ‘meta’ tá ‘a marke or gole in the field whereunto men or horses doe runne’, agus le ‘scopus’ ‘a marke, butte or pricke that men shoote at’.<sup>43</sup>

Is dóigh gur ó *daoraigh*, tabharthach de *daorach*, a tháinig *daora* de réir gnáthnóis na canúna i gCois Fharráige (i.e. *-aigh* deiri<sup>h</sup> > *-a* /ə/).

7. *malach*

De réir FGB, níl sa bhfocal *malach* ach malairt litrithe ar *mullach*. Tá an dá fhocal coitianta i gCo. na Gaillimhe, agus ní mar a chéile a mbrí. Tá na gnáthbhríonna le *mullach* (m. do chinn, na huibhe, etc.) ann. Is ualach (feamainne nó móna) é *malach*, ar dhroim capaill (asail) ar a bhfuil dhá chliabh lán agus go minic maoil orthu is ar dhroim an ainmhí. Focal firinsneach é, iol. *malaí*. /ma:Ləx/ atá i gCois Fharráige,<sup>44</sup> ceantar nach ndéalaítear *ll* ó *l* leathan, ach /ma·lhəx/ atá cloiste agam i Leitir Calaidh<sup>45</sup> agus i gCarna,<sup>46</sup> áiteanna a dtagann /lh/ ó *l* leathan singil go coitianta. Tá an focal i gCúige Uladh freisin, e.g. ‘*malthach*, asgallán, beairtín’;<sup>47</sup> cf. ‘*malthaidh* (?)’, bag, burden; a by-form of *mála*, influenced by *malaídh* (?)’.<sup>48</sup> ‘*Málach* (Ir. *id*), a load’ atá ag Armstrong.<sup>49</sup>

*Malach* an fhoirm atá in Pl. svv. ‘gestamen’, ‘onus’.

8. *ninsceachán, ninsci, ninscim, etc.*

Más luifearnach scéin iad na focail sin thuas, is fada siar a bpréamha. I *Senbríathra Fithail* ar cheann de na ‘*sé comartha déc drochthacraí*’ tá

<sup>42</sup> Mícheál Ging, Teach Mór, Cois Fharráige.

<sup>43</sup> Thomas Thomas *Dictionarium Linguae Latinae et Anglicanae* (1587) ceann de na foclóirí ar ar bhunaigh an Phluincéadach a fhoclóir.

<sup>44</sup> Maitias Diolún (c. 70 †1949) Teach Mór.

<sup>45</sup> Colm Ó Clochartaigh (c. 50 sa bh. 1943).

<sup>46</sup> Béib Bean Uí Chualáin, Muinis, Carna.

<sup>47</sup> Seaghan Mac Meanman, *Fear Siubhail* (c. 1924) 136.

<sup>48</sup> J. N. Hamilton *A Phonetic Study of the Irish of Tory Island* (Béal Feirste 1974) 299.

<sup>49</sup> *A Gaelic-English and English-Gaelic Dictionary* (Londain 1825).

*folabrad n-insci*.<sup>50</sup> ‘Cogarnaíl’ nó ‘labhairt le linn do dhuine eile a bheith ag caint’ is ciall do *folabhra(d)*; ‘ráiteas’, ‘caint’ is ciall do *insci*. Tá *folabhra n-innsici* ag ÓCl. agus an míniú seo aige air: ‘duine ag labhairt an fad do bheith duine eile ag tagra’.

Tá abairt ÓCl. agus a mhíniú ag Ld. sv. *folabhra*. Tá *folabhra ninsci* arís aige sv. *ninsci* agus an míniú seo i mBéarla air ‘one who interrupts another’s discourse, by cross questions’.

Ghlac ÓN le *ninsci* mar fhocal ann féin, agus thosaigh air ag cumadh mar ba nós leis. Seo mar atá aige: ‘*Ninsceach*, an interrupting one in talk; *Ninsceachán*, interrupter in talk; *Ninsceacht*, interrupting in talk; *Ninscighthe*, interrupted in talk; *Ninscim*, I interrupt in talk.’

Lean OBr. alt Ld., ach d’fhág *folabhra* ar lár, agus scríobh *ninsci*, ‘one who interrupts another’s discourse’. Rinne OR. *nimsici* de (agus an míniú Béarla céanna air). Faoi dheireadh is mar seo atá na focail bhréige seo in ÓD2: ‘*Ninsceachán*, -áin, *pl. id. m.*, one who interrupts a conversation (*O’N.*); *ninsci*, *id. (O’Br.)*; -*sceacht*, interrupting (*O’N.*); -*scim*, I interrupt (*O’N.*).’

### 9. *painéad*

Focal é *painéad* nach bhfuil sna foclóirí. Tá sé ag Tomás Ó Míocháin sa dán ‘A Bhráthair, A Shéamais’ sa sliocht seo: ‘Cidh táoim seal go fíarlág am chláoidheamh aige piantaibh / ’s gur múar leis an líaigh dhomh *ptisan* is *painéad*.’<sup>50a</sup> Ón mBéarla ‘panade’ é.

De réir OED is ionann brí do ‘panade’ agus do ‘panada’. Seo é an míniú atá ann sv. ‘panada’: ‘A dish made by boiling bread in water to a pulp, and flavouring it according to taste with sugar, currants, nutmegs, or other ingredients’. Feileann an bhrí sin go binn don chomhthéacs. Trí bhraon biotáille atá ón bhfile, in ionad an bhia bhoig mhílís a mhol an dochtúir dó.

### 10. *pasálann*

Tá an briathar *pasálann* ar eolas go coitianta, go háirithe sa Mhumhain. ‘I trample under foot; press with the feet as in hay-making, washing clothes, etc.; *ná pasáil an leanbh*, do not trample on the child, smt. *pásálaim*’ atá sv. *pasálaim* ag an Duinníneach.

Is léir gur ón mBéarla ‘poss’ a tháinig *pasálann*. Seo ceann de bhríonna ‘poss’ de réir OED: ‘To pound, beat down flat, squash; *spec.*

<sup>50</sup> *The Book of Leinster* VI 1520, 345e 15, ed. Anne O’Sullivan (B.A.C. 1983).

<sup>50a</sup> RIA 23 H 23, lch. 27. Tá an dán in eagar ag Diarmaid Ó Muirthe in *Tomás Ó Míocháin – Filíocht* (B.A.C., 1988).

to beat or stamp (clothes, etc.) in water with a heavy pestle-like instrument, or to trample or stamp them with the feet, in the process of washing’.

### 11. *pasúr*

Seo mar a mhínítear *pasúr* in *Réilthíní Óir* (1922): ‘Píosa adhmaid, caol sa chois, leathan amuigh agus ceann cearnógach air chun éadach a níghe. Nó, maide corcáin. Tá dhá phasúr mhaithe agat = dhá chois mhaithe láidre’. ‘A mixing stick for porridge, etc., a stock for washing clothes; fig. a leg’ an míniú atá ag an Duinníneach air.

Cé nach bhfuil an focal ‘posser’ sna foclóirí den Bhéarla caighdeánach, is é is dóiche go mbeadh a leithéid d’ainm sa chaint ar ghléas pasála. Chuideodh ainmneacha uirlisí eile, e.g. *casúr*, *pionsúr*, *rásúr* le *pasúr* a thabhairt ar an saol.

### 12. *slincín*

*Slincín* an focal a chloisinn ar lao a bhéarfaí marbh, thart ar Bhéal Átha Glúinín, Co. na Gaillimhe. Ón mBéarla ‘slink’ (= ‘an abortive or premature calf or other animal. Chiefly *dial.* OED sv.). Chualas á rá le marbhghin mná, uair, ag Páraic Ó Froithilí, Doirín, Béal Átha Glúinín (agus é ina sheanfhear sa bhliain 1944).

Bhí an focal ag Ultaigh agus é freisin ina fhocal maslach ag tagairt don duine, e.g. (i) ‘abortion. An animal produced before the time, *slincín*. Also used as a term of reproach’;<sup>50b</sup> (ii) *Sé ádhbhar mo éagnaoid gur imthigh an spéirbhean / Le slincín gan chéill gan náire.*<sup>50c</sup>

Leathnú is ea an dara brí sin ar an dara brí in OED, is é sin ‘An illegitimate child; a bastard’.

Tá an briathar ‘to slink’ (= marbhghin ainmhí a bhreith) sa Bhéarla agus gaol aige le ‘to sling’, agus gaol séimeantaice aige le ‘to cast’, focal a bhfuil an gnáthbhriathar Gaeilge *caitheann (lao)* ag freagairt dó.

### 13. *splincéara*

Focal atá i gCois Fharráige is ea *splincéara* a bhfuil an dá bhrí seo leis: (i) duine caoch;<sup>51</sup> (ii) duine a bhíonn ag gliúcaíocht nó ‘ag faire ar chuile shórt’.<sup>52</sup> Tá *splincire* ag Pl. sv. ‘petulus’ (= ‘A blinkard, one that

<sup>50b</sup> Roibeard Mac Ádhaimh, [Foclóir Béarla-Gaeilge], Ls. c. 1850, in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste.

<sup>50c</sup> Énrí Ó Muirgheasa, *Dhá Chéad de Cheoltaibh Uladh* (1934), lch, 122, IV. As ls. a scríobhadh 1822-3 an dán.

<sup>51</sup> Bríd Bean Mhaitéis Dhiolún, Teach Mór, Cois Fharráige.

<sup>52</sup> Seánínín (Sheáin Mháire) Ó Donnchú, Teach Mór.

looketh, a squint' FG); agus *splioncaire* sv. 'caecutiens' (= 'Halfblind' FG).

Ón mBéarla 'blinkard' ('A reproachful name for one who habitually blinks or winks; one who has imperfect sight' OED) nó 'blinker' ('one who blinks; a blinking or purblind person . . . one who casts blinks or sly glances' OED) a tháinig *splincéara*.

Forás coitianta is ea *s-* breise tosaigh a chur le *b-* nó *p-*.<sup>53</sup> Nós coitianta freisin is ea *-ire* nó *-éara* a dhéanamh de *-er* an Bhéarla (e.g. *jabaire*, *beigéara*).

#### 14. *sprioc*

'Marc a gcaitear leis', 'buta lámhaigh', 'cuspóir', an chiall choitianta atá le *sprioc*.<sup>54</sup> Ón mBéarla 'prick' (= 'The mark aimed at in shooting; the spot in the centre of a target; the bull's eye; hence a target . . .' OED sv.), agus *s* tosaigh curtha leis, a tháinig sé.

Úsáidtear an focal freisin le cúrsaí ama, e.g. *an sprioc-am*, *an sprioc-lá*, (= an t-am, an lá, a leagadh amach le rud a dhéanamh nó a chríochnú),<sup>55</sup> mar a d'úsáidtear an Béarla 'prick' (= 'The precise instant of time at which anything happens . . .' OED sv.).

#### 15. *trantal*

Níl an focal *trantal* in DIL ná sna foclóirí NuaGhaeilge atá i gcló. Tá roinnt samplaí de in Pl., e.g. '*soidheach mór re haghaidh fíona; fós tobán, trantal, nó bairille*' sv. 'orca';<sup>56</sup> '*trantal no dabhach bheag, stainnín, stanna, tunnóg no bairille beag*' sv. 'doliolum';<sup>57</sup> '*trantal shuaite taois*' sv. 'magis'.<sup>58</sup> Níl an t-agús 'mar a dearthar go coitcheann' aige leis an bhfocal in aon sampla acu sin, rud a thugann le tuiscint nár mheas sé gur nua-iasachtaí de chuid a linne iad.

Is é is dóichí gur ón mBéarla 'trendle'<sup>59</sup> a tháinig *trantal*. Dhéanfaí /a/ de /e/ i gcanúint an Phluincéadaigh, ar nós mar a dhéantaí i

<sup>53</sup> Féach T. F. O'Rahilly 'Etymological Notes II' in *Scottish Gaelic Studies* ii, 24-9.

<sup>54</sup> (a) Tá fianaise ar an bhfocal sa 17ú haois, e.g. '. . . go mbuailfinn sprioc: DDB III 178; (b) *spriuc: bata nú cloch nú mion-chlocha, nú fód a chuirfeá i n-áit mar chomhartha nú mar theórainn* CFBB; *sprioc na bpingíní = an sprioc go mbítear ag caitheamh airgid air* sv., S. Mac Clúin *Réilthíní Óir* (1922). Féach freisin ÓD2, FGB.

<sup>55</sup> e.g. *Trí seachtaine ó indiubh an sprioc-lá atá agam chun an leabhar a chríochnú. Ní raibh sí sa sprioc-áit ar an sprioc-am.* S. Mac Clúin op. cit., sv.

<sup>56</sup> 'A great vessel for wine, as butts, vats and pots', FG.

<sup>57</sup> 'A tunnel or little barrel' id.

<sup>58</sup> 'A vat to knead bread in . . .' id.

<sup>59</sup> 'Trendle 4. A vessel of flat rounded form; a round or oval tub used for various purposes; a circular trough or tray used by bakers. *dial.*' OED.

nGaeilge Uladh, e.g. ‘recklin’ > *raiclín*,<sup>60</sup> ‘melder’ > *mealdar*.<sup>61</sup> Níl sampla agam de *d* > *t* sa suíomh sin, ach tá corrshampla de mhalartaíocht idir *nt* agus *nd* ann, e.g. *canta/canda*, *contae/condae*, *sundas/suntas*. Tá gaol ag na focail Bhéarla ‘trendle’, ‘trindle’ agus ‘trundle’ le chéile. Leagan canúnach Albanach is ea ‘trantle’<sup>62</sup> (arbh fhéidir gur uaidh a tháinig an Ghaeilge) a bhfuil bríonna i gcoitinne aige leis na trí fhocal Béarla sin thuas, ach ní luann Wright an bhrí ‘tobán’ mar cheann acu.

TOMÁS DE BHALDRAITHE

### NODA

- CFBB: B. Ó Cuív, *Cnósach Focal ó Bhaile Bhuirne*, B.Á.C. 1947.  
 Cs: Thomas de Vere Coneys, *Foclóir Gaoidhilge-Sacs-béarla*, B.Á.C. 1849.  
 DDB: J. C. Mac Erlean, *Duanairé Dháibhidh Uí Bhruadair*, Londain 1910-17.  
 DIL: *Dictionary of the Irish Language*, B.Á.C. 1913-76.  
 Dw: E. Dwelly, *The Illustrated Gaelic-English Dictionary*, Glaschu 1901-11.  
 EDD: J. Wright, *The English Dialect Dictionary*, Londain 1970.  
 FFG: T. de Bhaldraithe, *Foirisiún Focal as Gaillimh*, B.Á.C. 1985.  
 FG: Francis Gouldman, *Copious Dictionary in Three Parts*, Londain 1673.  
 FGB: Niall Ó Dónaill, *Foclóir Gaeilge-Béarla*, B.Á.C. 1977.  
 GCF: T. de Bhaldraithe, *Gaeilge Chois Fhairrge. An Deilbhíocht*, B.Á.C. 1953.  
 ICF: T. de Bhaldraithe, *The Irish of Cois Fhairrge, Co. Galway*, B.Á.C. 1945.  
 IEM: É. Mhac an Fhailigh, *The Irish of Erris, Co. Mayo*, B.Á.C. 1968.  
 IWM: Brian Ó Cuív, *The Irish of West Muskerry, Co. Cork*, B.Á.C. 1944.  
 Ld: Edward Lhuyd, *Foclóir Gaoidheilge-Shagsonach in Archaeologia Britannica*, Oxford 1707.  
 OBr: John O’Brien, *Foclóir Gaoidhilge-Sax-Bhéarla*, Páras 1768.  
 ÓCl: Micheál Ó Cléirigh, *Foclóir no Sanasan Nua*, Lobháin 1643.  
 ÓDl: Patrick S. Dinneen, *Foclóir Gaedhilge agus Béarla*, B.Á.C. 1904.  
 ÓD2: id. 1927.  
 OED: *The Oxford English Dictionary*, Oxford 1966.  
 ÓN: Tadhg Ua Neachtain, [*Foclóir Gaedhilbhéarlach*], 1739 (Ls. H.1.6., Coláiste na Tríonóide).  
 ONL: T. O’Neill Lane, *Larger English-Irish Dictionary*, B.Á.C. 1921.  
 OR: Edward O’Reilly, *An Irish-English Dictionary*, B.Á.C. 1821.  
 Pl: Risteard Pluincéad, *Vocabularium Latinum et Hibernum*, 1662 (Ls. Z.4.2.5. Leabharlann Marsh).  
 Sh: William Shaw, *A Galic and English Dictionary*, Londain 1780.

<sup>60</sup> T. de Bhaldraithe ‘Nótaí ar Fhocail’ *Celtica* xviii. 64.

<sup>61</sup> L. U. Lúcas *Cnuasach Focal as Ros Goill* (1986) sv. *mealdar*.

<sup>62</sup> EDD sv. ‘trantle’.